

MUIRIS Ó GORMÁIN

Beatha agus Saothar Fileata

NIOCLÁS MAC CATHMHAOIL



An Clóchomhar
Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An chéad chló 2013

© An Clóchomhar / Cló Iar-Chonnacht 2013

ISBN 978-1-906882-74-7

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail

Dearadh clúdaigh: Clifford Hayes



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge
as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, biodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593307 Facs: 091-593362 r-phost: eolas@cic.ie

Priontáil: Brunswick Press, Baile Átha Cliath.

CLÁR AN ÁBHAIR

Buíochas	7
Noda	8
Réamhrá	11
Na téacsanna	
1 Tuireamh Eoghain Ruaidh Uí Néill	82
2 Ar an Athair Proinnsias Mac Mathúna	86
3 An dara Dán ar Phroinnsias Mac Mathúna	90
4 Marbhna ar an Athair Philip Ó Gairtnéil	94
5 Marbhna ar Róis Ní Dhoirnín	106
6 Ar an Athair Séamas Ó Dubhthaidh	110
7 Ar an Athair Pilib Mac Ardghail	112
8 Chuig Eoin Ó Mearan	114
9 Ar Dhomhnall Mac Brádaigh	118
10 Ar Hugh Percy	120
11 Ar an Ardeaspag Pádraig Mac Síomain	126
12 Don Rúnaire Oireirc Sir Seorsa Mhic Cartna	134
13 Ar Thomás Ó Gormáin	138
Nótaí ar na dánta	143
Nótaí	227

Aguisín A: Dánta eile ar na leasríthe 1767–1780	229
A1 Ar George Townsend	231
A2 D’fhear Ionaid an Rí Sir John Hobart	235
A3 Ar George Nugent-Temple-Grenville	240
Aguisín B: Peannaireacht Mhuiris Uí Ghormáin	245
Foclóirín	249
Clár na gcéadlínte	259
Innéacs áiteanna	260
Innéacs daoine	266
Leabharliosta	277

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl i dtosach don Dr Diarmaid Ó Doibhlin, a spreag mé i dtreo litríocht na Gaeilge ar dtús, a mhol an t-ábhar seo dom a chéaduaire mar thráchtas dochtúireachta, agus a bhí mar chomhairleoir agam nuair a thosaigh mé ar an taighde seo. Tá mé buíoch mar an gcéanna de mo dheirfiúr an Dr Máire Nic Cathmhaoil, an Dr Fionntán de Brún, an Dr Gearóid Ó Domagáin, an tOllamh Ailbhe Ó Corráin, an tOllamh Séamus Mac Mathúna, an tOllamh Liam Mac Mathúna, an tOllamh Séamas Ó Catháin agus an Dr Peadar Mac Gabhann, a léigh dréachtaí éagsúla den saothar seo, agus a thug comhairle luachmhar dom ar go leor gnéithe a bhaineann leis.

Tá mé faoi chomaoin ag lucht ceannais na leabharlann uilig a thug cead domh leas a bhaint as a gcuid lámhscríbhinní. Bhí foirne na leabharlann siúd iontach cuidiúil, agus tá focal buíochais ar leith ag dul do Petra Schnabel in Acadamh Ríoga na hÉireann as an chomaoin mhór a chuir sí orm le blianta anuas. Tá mé buíoch chomh maith leis sin de Chló Iar-Chonnacht as a ghairmiúla is a bhí siad agus an leabhar seo á réiteach acu le cur i gcló.

Gabhaim mo bhuíochas mar an gcéanna le mo bhean, Ciara, agus le mo thuismitheoirí, a thacaigh liom ar achan uile dhóigh. Thar gach duine, áfach, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Dr A.J. Hughes, a roinn a chuid ama agus a chuid saineolais ar chúrsaí léinn liom go fial, agus a chuir comhairle orm ar chuid mhór gnéithe den taighde seo.

Mé féin amháin atá freagrach as locht ar bith atá fágtha ar an leabhar seo.

NODA

- ARÉ: Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath
- BF ÓL: Lámhscríbhinní Uí Laithbheartaigh, Coláiste Mhaolmhaodhóg, Béal Feirste
- BL Eg: Cnuasach Egerton i Leabharlann na Breataine, Londain
- COBÁC: Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- COBÁC ÓC: Cnuasach Uí Chomhraí, Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- COBÁC ÓM: Cnuasach Uí Mhuirgheasa, Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Don: Lámhscríbhinní Uí Dhonalláin, Leabharlann Uí Fhiaich, Ard Mhacha
- Gaill. de hÍde: Lámhscríbhinní Dhubhghlas de hÍde, Leabharlann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Hunt STG: Páipéir Stowe i Leabharlann Huntington, San Marino, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá
- KNG. Bibl. Lámhscríbhinní sa Leabharlann Ríoga, Cóbanhávan na Danmhairge
- LNÉ: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
- LPC: Leabharlann na bProinsiasach, Cill Iníon Léine, Contae Bhaile Átha Cliath. Tá na lámhscríbhinní seo ar coimeád anois i Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- LT: Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- MN: Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, Contae Chill Dara
- Ox: Lámhscríbhinní i Leabharlanna Oxford

Percy: Páipéir Percy, Caisleáin Alnwick, Northumberland
Shasana

Rouen: Lámhscríbhinní sa Leabharlann Phoiblí, Rouen na
Fraince

NODA EILE

<i>aid.</i>	aidiacht
<i>aid.bhr.</i>	aidiacht bhriathartha
<i>aid.sheal.</i>	aidiacht shealbhach
<i>al.</i>	ailias
<i>ainm.br.</i>	ainm briathartha
<i>ainm.</i>	ainmfhocal
<i>bar.</i>	barúnacht
<i>co.</i>	contae
<i>fig.</i>	focal fíortha
<i>iol.</i>	iolra
<i>gin.</i>	ginideach
<i>l.</i>	líne
<i>ll.</i>	línte
<i>n.</i>	nóta
<i>NuaGh.</i>	Nua-Ghaeilge
<i>par.</i>	paróiste
<i>r.</i>	rann
<i>rr.</i>	ranna
<i>tabh.</i>	tabharthach
<i>tuis.</i>	tuiséal
<i>v.</i>	véarsa
<i>v.l.</i>	léamh lámhscríbhine

RÉAMHRÁ

Cúlra Mhuintir Ghormáin

Scríobhaí agus file ab ea é Muiris Ó Gormáin a bhain leis an ochtú haois déag, ach dealraíonn sé go raibh dáimh ag muintir Ghormáin leis an léann in aoiseanna roimhe sin. Ní miste, mar sin, achoimre a thabhairt ar bhunstair na clainne ionas go mbeidh creatlach tagartha againn don phlé a dhéanfar ar Mhuiris Ó Gormáin féin. Glactar leis gur shíolraigh muintir Uí/Mhic Ghormáin ó chineál a raibh fineachas acu in Uí Bhairrce i Laois agus gur ruaigeadh iad in aimsir an ionraidh Normannaigh. Is é an taoiseach deireanach de mhuintir Ghormáin a bhfuil trácht air sna hannála ná Muireadhach Mac Gormáin a d'éag sa bhliain 1124 (*AFM*, 1124.5). Tá ainm Mael Muire hUa Gormáin, a bhí ina ab ar mhainistir Chnoc na Seangán taobh amuigh de shráidbhaile Lú (Stokes, xix), luaite leis an téacs ar a dtugtar *Féilire huí Ghormáin* a cumadh c.1172. Bhí ceathrar eile ann de mhuintir Ghormáin a thuill clú sa dara haois déag agus atá luaite sna hannála. Eaglaisigh a bhí sa triúr acu. Bhí Fiond Mac Gormáin (†1160) ina easpag ar Chill Dara agus ina ab ar Mhainistir an Iúir (*AFM*, 1160.1). Bhí Maol Choimhghin Ua Ghormáin (†1164) ina ‘ard-shaoi Éreann’ agus ina ab ar Thearmann Feichín tráth dá shaol (*AFM*, 1164.2), agus bhí Óenghus Ua Gormáin (†1123) ina Ab ar Bheannachair agus Easpag Dheoise an Dúin, mar a bhí san am (Byrne 1989b, 280).

Ba é Flann Ó Gormáin ba mhó acu a thuill clú ó thaobh shaothrú an léinn de, áfach, agus scríobhadh an méid seo sna hannála ar a bhás i 1174:

Flann O Gormain, aird ferleighbinn Airdi Macha & Erenn uile, fer eolach comarthamuil is in eagna Diadha & domanda, iar m-beith bliadhain ar fhicith a b-Frangcaib & a Sacsanaib ag foghlaim, & fiche bliadan ag follamnugh sgol nErenn, ad-bath co sithamail a .xiii. Kl. *April*, dia Cedaoin ria g-Caisc, .lxx. aetatis suae anno.

(LC, 1174.1)

Ní eisceacht í seo gur tharraing clann mar chlann Ghormáin a bhí ina dtaoisigh tráth ceird an léinn orthu nuair a bhí a gcumhacht agus a maoin caillte acu.¹ Mar sin féin, is cosúil nár lean muintir Ghormáin leis an léann ní ba mhoille ná an dara haois déag.

Ní mór gur scoilteadh an chlann ina dhá chraobh am éigin sa tríú haois déag. Chuaigh dream amháin acu siar chuig Uí Breacáin i gContae an Chláir mar a raibh baint acu leis na Brianaigh (de Bhulbh, 81; Quinn, 100). Chuaigh an dream eile ar bhain Muiris Ó Gormáin leo go deisceart Uladh. Tá iomrá níos mó ar chraobh seo Uí Breacáin den chlann ná mar atá ar an cheann eile, agus bhí clú orthu siúd as ucht a bheith flaithiúil don aos léinn. Má bhí baint ag Gormánaigh Uí Breacáin leis na Brianaigh, is léir ón iontráil seo in Annála Uladh don bhliain 1486 go raibh baint ag an chraobh thuaisceartach den chlann le clann Mhic Mhathúna faoin am sin:

Remunn, mac Glaisne Meg Mathgamna, do dul ar Galltacht Machaire Oirghiall & eich & daine do buain de & Fer Dorcha Magormain do marbadh uime, a tus an t-Shamhraigh.

(AU, 1486.11)

Sna *Fiants of Elizabeth* atá luaite ag Ó Tuathail (1955, 121–4) don bhliain 1592 tá ‘Patr. MacGormane’ ar liosta na ndaoine ó dheisceart Mhuineacháin ar tugadh pardún dóibh as a bheith ag troid in éadan na banríona. Níl ceachtar den dá chraobh seo luaite ag Mac Fírbhisigh (Ó Muraíle 2003, 249–9, 290–4), ach is é an leagan ‘Mac Gormáin’ a úsáideann sé do Ghormánaigh siúd Uí Bairrce.

Ó Gormáin agus Mac Gormáin

Ní raibh an t-ainm béarlaithe ‘Gorman’ le fáil go coitianta i Rollaí Cháin na Toite a tiomsaíodh sna 1660idí. Ní raibh leagan den ainm luaite ach i rollaí Chontaetha Lú agus Mhuineacháin. I gContae Lú bhí seisear den sloinne ann. Bhí beirt acu seo, Patrick Gorman agus Phillip Gorman, ina gcónaí i bparóiste Chuaille i mbarúntacht Dhún Dealgan Íochtaraigh. Bhí beirt eile, Patrick McGorman agus Edmonde McGorman luaite le Baile an Chaisleáin i bparóiste Mhol Áirí i mbarúntacht Fhir Arda i dtuaisceart an chontae. Bhí triúr eile, Bryan Mc Gorman, Cullow McGorman agus William McGorman i mBarúntacht an Fheadha atá ar an teorainn le Contae Ard Mhacha agus Contae Mhuineacháin (Murray 1932, 500–15).

Tá dháréag de mhuintir Ghormáin luaite ar Rollaí Cháin Toite do Chontae Mhuineacháin. Bhí cúigear acu seo in iarthar an chontae i mBarúntacht Dhartraí. Bhí beirt acu, Edmond Mc Gorman agus Rory Mc Gorman, i bparóiste Choirrín. Bhí Shane O’Gorman agus Bryan McGorman i bparóiste Chluain Eois agus bhain Neale O’Gorman le paróiste Chill Laobháin. Bhí cúigear eile i mbarúntacht Mhuineacháin i dtuaisceart an chontae agus beirt acu seo, Turlogh O’Gorman agus Bryan O’Gorman i bparóiste Mhuineacháin. Bhí an triúr eile, Edmond McGorman, Patrick McGorman agus Charles Gorman i bparóiste Chill Mhóir agus Droim Sneachta. Bhí triúr Gormanach eile, beirt darbh ainm Hugh McGorman agus fear eile darbh ainm Ferdorcha O’Gorman i nDomhnach i mbarúntacht An Triúcha atá i dtuaisceart Chontae Mhuineacháin ar theorainn Chontae Thír Eoghain (Rushe, 291–338).

Is léir mar sin, de réir Rollaí Cháin na Toite, gur bhain brainse tuaisceartach chlann Ghormáin le tuaisceart Chontae Lú agus le tuaisceart agus iarthar Chontae Mhuineacháin sa seachtú haois déag, agus nach raibh siad cruinnithe le chéile in aon cheantar ar leith i gceachtar den dá chontae. Lena chois seo, dealraíonn sé go raibh an t-ainm Mc Gorman ní ba choitianta ná O’Gorman nó Gorman: bhí dáréag ann a raibh Mac Gormáin orthu, cúigear a raibh Ó Gormáin orthu agus triúr ar tugadh Gorman orthu sna rollaí. Insíonn an fhianaise seo dúinn gur bhain clann Ghormáin le contae

Mhuineacháin den chuid is mó sna 1670idí, agus go raibh an t-ainm ‘Mac Gormáin’ ní ba choitianta ná an t-ainm ‘Ó Gormáin’.

Tá fianaise áirithe i logainmneacha chontae Mhuineacháin a shuíonn clann Ghormáin sa chontae sin, mar atá Feartach Ghormáin i bparóiste Mhachaire Rois i mbarúntacht Fhearnmhaighe, Cill Uí Ghormáin i bparóiste Chill Laobháin i mbarúntacht Dartraí (mar a raibh beirt de mhuintir Ghormáin i seascaidí an tseachtú haois déag),² agus Lios Dún Uí Ghormáin i bparóiste Chluain Tiobraid i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Livingstone 1980, 594).

Sa liosta de theaghlaigh airchinneacha Fhear Manach atá curtha ar fáil ag Livingstone (1974, 41–2), tá clann Uí Ghormáin luaite mar airchinnigh Chollchoill, atá i bparóiste Chnoc Ninne atá ar theorainn Chontae Liatroma. Mar sin féin, nuair a rinne Seán Ó Dobhailin amach liosta de theaghlaigh airchinneacha Fhear Manach i 1718–19, ní raibh clann Ghormáin luaite aige (Ó Maolagáin, 289–91). Fágann sin gur beag fianaise atá againn a nascann clann Ghormáin le Fear Manach san aois a raibh Muiris Ó Gormáin beo inti.

Is léir ón méid thuas go mbaintí úsáid as an dá litriú Ghaelacha ar an ainm ‘Gorman’: Mac Gorman agus O’Gorman. Ní dócha, áfach, gur dhá dhream dhifriúla a bhí i gceist anseo. Mar shampla, nuair a rinneadh Rolla Cháin na Toite i mbaile fearainn Cheathrú an Gharraí i bparóiste Choirrín, Contae Mhuineacháin i 1663, ní raibh ach duine amháin den sloinne ann darbh ainm Rory Mc Gorman. Nuair a cuireadh rolla eile le chéile sa bhaile fearainn chéanna i 1665, ba é Rory O’Gorman an t-aon Ghormánach amháin a bhí ann. Is rídhócha gur aon duine amháin a bhí anseo.

Bréagnaíonn seo an tuairim a bhí ag de Bhulbh (290) faoi na réimíreanna ‘Ó’ agus ‘Mac’ i dtaobh an ainm Ó Gormáin gur ‘a case of the wrong prefix being assumed during the Gaelic revival’ a bhí ann. Is fadhb sheanbhunaithe í seo le sloinnté Gaelacha a dtosaíonn an dara mír acu le ‘c’ nó ‘g’.

Is é a d’airigh Stockman (1996, 99) ná, ‘Ó tharla gur doiligh fuaim *k* agus fuaim *g* a rá díreach i ndiaidh a chéile gan stopadh idir an dá fhocal, báitear an *c* go *g*, go díreach mar a tharla san

fhocal Béarla *blackguard*. Lena chois seo, is féidir gur bádh an ‘m’ tosaigh i ‘mac’ fosta, rud a rinneadh le hainmneacha mar ‘Mac Grianna’ > Ac Grianna, ‘Mac Murfaidh’ > Ac Mhurfaidh, ‘Mac Fhionnlaoich’ > Ac Fhionnlaoich srl. D’fhágfadh seo Ac Gormáin nó /əgarəman’/ againn, rud a mbeifeá ag dúil leis ón litriú ‘Ó Gormáin’. Ní hiontas é gur scríobh na bailitheoirí cánacha (fir ar dócha nach raibh Gaeilge na háite, nó Gaeilge ar bith acu) O’Gorman agus Mac Gorman.

Áit dhúchais agus blianta luatha Mhuiris Uí Ghormáin

Is beag eolas a chuir Muiris Ó Gormáin ar fáil ina shaothar scríofa ar a shaol nó ar a áit dhúchais féin. Is iondúil go dtugtar 1710 mar bhliain a bhreithe.³ Glacann lucht léinn leis gur bhain sé le hoirdheisceart Uladh ó dhúchas. Mhaígh Hayes O’Grady (498) gur ‘a native of Louth and a country schoolmaster’ a bhí ann.⁴ Ar an drochuair, níor thug O’Grady le fios cad é an fhoinsé eolais a bhí aige, nó cad é a thug air an ráiteas sin a dhéanamh. Is é an rud a scríobh Flower (1992, 48), a bhí ní b’eolaí ná O’Grady ar scríobhaithe dheisceart Uladh ná ‘the date and place of his birth do not appear to be known.’

Is é Séamas Ó Mórdha an duine is mó a bhfuil taighde déanta aige go dtí seo ar áit dhúchais Uí Ghormáin. Mhaígh seisean gur dócha gur bhain sé le Contae Mhuineacháin. Is fiú an achoimre a thugann sé ar an scéal a chur ar fáil anseo:

While no definite evidence can be traced, the following reasons seem to argue that he may well have been a native of that county. (1) Mac Gorman (as the scribe originally signed himself) is, in the North, a Monaghan surname. (2) The earliest extant manuscript, so far known, by O’Gorman was, in the scribe’s lifetime, in the possession of a Clontibret man. (3) He was patronised by at least three Monaghan priests, two of whom we know to have flourished in the first half of the 18th century. (4) The Louth-Armagh scribes are silent in regard to his native place. (5) North-East Cavan had little or no links with

the Louth-Armagh area but would be within easier reach of a Monaghan man (Ó Mórdha 1957, 21).

Ní miste, mar sin, cuid de na pointí atá tógtha ag Séamas Ó Mórdha thuas a phlé i bhfianaise an eolais atá againn anois ar áit dhúchais agus ar bhlianta luatha Uí Ghormáin.

Maidir le pointí a haon agus a dó thuas, tá breis agus céad lámhscríbhinn ar marthain inniu a scríobh Muiris Ó Gormáin. Tá an lámhscríbhinn is luaithe acu seo, COBÁC ÓM 19, ar coimeád sa Choláiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath. Scríobhadh i 1734 í. Sa lámhscríbhinn seo, agus sna cinn eile a scríobh sé roimh 1761,⁵ shínigh sé a ainm ‘Muiris Mac Gorman’. Mar atá mínithe thuas, áfach, ní gá gur ceart dúinn idirdhealú a dhéanamh idir ‘Ó Gormáin’ agus ‘Mac Gormáin’. Chomh maith leis sin, tá leid ar fáil i gceann de na lámhscríbhinní seo, ARÉ 23 A 45, go raibh an scríobhaí i gCluain Tiobraid tamall agus é á scríobh.⁶

Maidir le pointe a trí thuas ag Ó Mórdha, scríobh Ó Gormáin dánta ar cheithre shagart a bhí i Muineachán idir 1730—60. Is iad seo Proinnsias Mac Mathúna, Séamas Ó Dubhthaidh, Pilib Mac Ardghail agus Philip Ó Gairtnéil. Chum sé dhá dhán ar an Athair Proinnsias Mac Mathúna a bhí ina shagart paróiste i nDomhnach Maighean (2,3), ceann ar an Athair Séamas Ó Dubhthaidh (6) agus ceann ar Pilib Mac Ardghail (7) a bhí ina chónaí i gCarraig an Iúir. Is moltaí loma neamhphearsanta iad seo den chuid is mó, ach is dán níos pearsanta é an caoineadh a chum sé ar an Athair Philip Ó Gairtnéil (4) a bhain le Domhnach Maighean agus a fuair bás sa bhliain 1739 (Moore 1955, 53; 1956, 132; Ó Mórdha 1957, 21). Chomh maith leis sin, scríobh sé marbhna ar bhean darbh ainm Róis Ní Dhoirín (5) ar cosúil gur bhain sí le ceantar Bhealach Ghréine nó le Caisleán Seáin i dtuaisceart Mhuineacháin. Taobh amuigh de na pointí a thóg Ó Mórdha, tá fianaise eile ann gurbh as oirdheisceart Uladh d’Ó Gormáin. Mar shampla, chreid Mc Caughey gur bhain an Ghaeilge s’aige le hoirdheisceart Uladh agus luaigh sé neart samplaí ón Leabhar Frása a chuir Ó Gormáin le chéile a chruthaíonn seo (Mc Caughey, 210–27).

Tá cúig lámhscríbhinn ar marthain a scríobh Ó Gormáin sula ndeachaigh sé go Baile Átha Cliath, agus is féidir go dtugann ábhar

na lámhscríbhinní seo eolas dúinn ar an timpeallacht liteartha a raibh sé gníomhach inti, nó tá anáil Oirialla le sonrú go láidir sna scéalta agus san fhilíocht iontu. Rinne sé dhá chóip den scéal ba mhó a raibh dúil ag scríobhaithe Oirialla ann .i. *Mac na Míchomhairle*,⁷ agus rinne cóipeanna de théacsanna próis eile a bhí coitianta in Oirialla go luath san ochtú haois déag mar *Fís Merlino* agus *An Ceithearnach Caoilriabhach*.⁸ Cosúil le lámhscríbhinní eile Oirialla san ochtú haois déag, tá i bhfad níos mó den fhilíocht aiceanta le fáil i lámhscríbhinní Uí Ghormáin ón tréimhse seo ná mar atá den fhilíocht shiollach.

Tá dánta a bhaineann le hOirialla a scríobh Mac Cuarta, Mac a Liondain agus Ó Pronntaigh le fáil i lámhscríbhinní luatha Uí Ghormáin, ach tá tionchar Bhréifne agus thuaisceart Uladh le sonrú chomh maith. Mar shampla, tá dánta a scríobh Ó Cearalláin, Tomás Ó Cléirigh, Tadhg Ó Ruairc, Pilib Ó Raghallaigh, Aindrias Mag Uidhir, Doiminic Ó Brolcháin agus Domhnall Gorm Mag Lachlainn le fáil iontu fosta. Cuireann an méid seo in iúl dúinn go raibh tarraingt ag Ó Gormáin ar ábhar Bhréifne agus ar ábhar Oirialla san am seo. Ní fhéadfaí an rud céanna a mhaíomh fá scríobhaithe Lú / Ard Mhacha mar Phádraig Ó Pronntaigh agus Peadar Ó Doirnín.⁹ Ar ndóigh, má bhain Ó Gormáin le contae Mhuineacháin, bhí sé idir croílár ‘Oirialla’¹⁰ agus Bréifne, rud a thabharfadh faill dó tarraingt ar shaothar litríochta ón dá cheantar.

Ó Gormáin i gContae an Chabháin

Lena chois seo, tá fianaise ar leith againn go raibh baint ag Ó Gormáin leis an Chabhán. Tá a fhios againn go raibh sé ag teagasc i gCill Mhór agus in Eanach i gContae an Chabháin sa bhliain 1761. Tá conradh fostaíochta scríofa aige atá ar fáil sa lámhscríbhinn BL Eg.151 a chuireann in iúl go dteagascadh sé ‘writing, arithmetick and the English tongue’ do mhac John Reilly agus do mhac George Dawson ó 1 Bealtaine 1761 go 30 Aibreán 1762 agus go bhfaigheadh sé £1.18 an duine ar a shon (Flower 1992, 253).

Bhí aithne ag Muiris Ó Gormáin ar bheirt de chlann Mhic Bhrádaigh a bhain leis an tSrath Dhomhain i bparóiste Láraigh in

iarthar an Chabháin. Scríobh sé dán ar Dhomhnall Mac Brádaigh ó Achadh Rathain, atá ceithre mhíle siar ó Shrath Domhain (Ó Baoill & Ó Dochartaigh) ag gabháil a bhuíochais dó as ucht lámhscríbhinn a thabhairt ar iasacht dó. Taispeánann na línte seo gurbh fhéidir go raibh aithne aige ar chlann Dhónaill Mhic Bhrádaigh:

Tabhair mo bheannacht fós fá thrí
do cheannfort suairc an teaghlaigh
dá chéile bláith is dá chloinn faoi seach,
dream gan chlaon le heineach

Nuair a bhí duine eile den tsloinne chéanna, Fiachra Mac Brádaigh as Srath Domhain, i mBaile Átha Cliath thart faoin bhliain 1755, thug sé dánta agus ginealaigh don Ghormánach le go n-athscríobhfadh sé amach iad ‘with good ink and plaine writing’ (Flower 1992, 142; Ó Mordha 1980, 10–13). Mhaígh Ó Mórdha in áit eile (1980, 52–3) go raibh aithne ag Ó Gormáin ar an scríobhaí Semus Mag Uidhir a bhain le Contae Fhear Manach, ach ní léir dom go bhfuil fianaise go leor ann leis an ráiteas sin a dheimhniú.¹¹

Ó Gormáin agus Clann Uí Mhearáin

Scríobhaí eile a raibh teagmháil ag Ó Gormáin leis a bhí in Eoin Ó Mearáin. Bhí lámhscríbhinn a scríobh Ó Mearáin aige i 1748 nuair a scríobh sé BL Eg.128. Tugann sé an nóta seo ar f.44b:

Gona í sin Toruigheacht Shaidhbhe inghean Eoghain óig conuige sin air na scríobhadh re Muiris Mac Gormain amhuil agus mur fuaras romham is an leabhar atharda ro scríobhadh re hEoin Ó Mearan agus air sgur da sgríobhadh an t-ochtmdhadh lé fithchiot don mii August aois an tigearna Mile seacht ccead agus ocht mbliadhna air dha fhithchit.

Chomh maith leis seo, scríobh sé dán grinn ar Ó Mearáin, (B), roimh an bhliain 1745, a bhfuil sliocht próis leis a chuireann in iúl

go raibh siad cairdiúil le chéile, agus gurbh fhéidir gur phléigh siad cúrsaí litríochta le chéile.

Níl a fhios againn go cinnte cad é an áit dhúchais a bhí ag Ó Mearáin, ach baineann an t-ábhar atá san aon lámhscríbhinn amháin a scríobh sé atá ar marthain le hoirdheisceart Uladh.¹² Sa lámhscríbhinn sin shínigh sé a ainm mar ‘Éoghan úa Meran’. Ní raibh duine ar bith den sloinne ‘O’Meran’ le fáil in áit ar bith i Rollaí Cháin na Toite d’oirdheisceart Uladh ach amháin i mBarúntacht Fhearnmhaighe i gContae Mhuineacháin. Bhí siad seo uilig ina gcónaí i mbaile fearainn Fhéar Achaidh i bparóiste Mhachaire Eois, taobh le Domhnach Maighean. Chomh maith leis seo, bhí an lámhscríbhinn ARÉ 23 A 42, a bhí ag baill éagsúla de chlann Uí Mhearáin, i seilbh Uí Ghormáin tráth ina óige.¹³ Is fianaise eile í seo go raibh dáimh ar leith ag Ó Gormáin le Contae Mhuineacháin.

Ó Gormáin agus Ó Doirnín

Is faoin tráth seo (1740idí) fosta a scríobh Peadar Ó Doirnín an aoir a dtugtar ‘Suirí Mhuiris Uí Ghormáin’ air. Sa dán seo, cuirtear síos ar Mhuiris Ó Gormáin ar a bhealach go Droichead Átha nuair a chasann ‘páiste Sasanach gallda’ air. Tugann sé cuireadh di gabháil ag ól leis. Téann siad go teach tábhairne, agus tá ag éirí le Muiris an cailín a mhealladh, ach ólann sé barraíocht agus titeann sé ina chodladh. Nuair a mhúsclaíonn Muiris arís, tá an cailín ar shiúl. Chuir Ó Doirnín an tráchttaireacht uilig i mbéal Uí Ghormáin¹⁴ ag déanamh eala mhagaidh den drochbhearla a bhí aige, den dúil a bhí aige san ól agus ar a shotalaí a bhí sé as a chuid léinn:

Ar ndul go tigh an óil dúinn shuíomar ar bord
mar Pharis ón Traoi is mar Helen ón Ghréig,
bhí mise á pógadh is ise mar lóchrann
solais gan bhrón ag moladh mo léinn:
‘You’s very fine clothes, you’s purty fine brogues,
you’s Latin well spoke and whar me can’t name.’

Ach bhíomar ag ól gur thit mise 'mo cheo
Is don deamhan sin orlach fuair Muiris dá feidhm.

Ar theacht as mo néal domh dhearcas gach taobh
den halla a raibh an ghéag is mise fán bhord
is ní fhaca mé aon a bheirfeadh domh scéal
ach gasún gan chéill nach dtuigfeadh mo ghlór:
'Did you see fair fine handsome white lady
that was me comradý last night ag ól?'
'She make runaway with a shintleman brave,
horseback and away along the road mór.'

(PÓDdeR, 29)

Ní fios go cinnte cad é a thug ar Ó Doirnín an aoir a scríobh, nó cén áit ar theagmhaigh sé le Ó Gormáin go fiú. Scríobh Seán Ó Dálaigh (de Rís, 14) in 1849 go raibh Muiris Ó Gormáin i mbun scoile i bhFoirceal i ndeisceart Ard Mhacha nuair a tháinig Ó Doirnín isteach sa cheantar gur thosaigh sé a mhealladh cuid mac léinn Uí Ghormáin uaidh.¹⁵ Is léir gur ghlac Flower agus de Rís leis an tuairim seo fosta.¹⁶

Shíl Matthew Moore Graham gur scríobh Ó Doirnín an dán nuair a bhí cónaí air i mBaile Bhalraic, i dtuaisceart Chontae Lú, mar a raibh sé ag suirí le bean de chlann Coleman, a bhí ina dtiarnaí talún sa cheantar sin (de Rís, 125). Scríobh Nioclás Ó Cearnaigh an nóta seo ar an dán: 'a satirical and humorous account of the courtship of Maurice O'Gorman, a pedantic schoolmaster, a Munster blade, and a rival of O'Dornin's for the hands of Miss Peggy O Beirne'¹⁷ (de Rís, 125). Tá an cuntas is cuimsithí ar chúlra an dáin seo ag Murray:

According to the most reliable account¹⁸ the following song was composed at the time when O'Dornin was a suitor for the hand of Colman's sister-in-law. Another teacher named Maurice O'Gorman was a suitor for her hand, and, on a certain occasion, was selected, instead of O'Dornin, to accompany the Colman family on a visit to Drogheda. Fearing that his rival was ousting him, O'Dornin wrote the following satire and circulated it

through the parish, with the result that O’Gorman’s hopes were blighted and he departed in shame from the district, leaving O’Doirnín in possession of his bride (Murray 1915, 374).

Mar sin de, níl fianaise dhaingean againn go raibh Ó Gormáin i bhFoirceal nó i mBaile Bhalraic. Ina theannta sin, níl againn ach scéal scéil¹⁹ ar cad é an chnámh spairne a bhí ann idir Ó Doirnín agus Ó Gormáin. Ní fhágann sin d’fhianaise againn ach an téacs féin. Níl Foirceal luaithe sa téacs, agus níl aon lua ar Ó Gormáin agus Ó Doirnín bheith in iomaíocht le chéile mar mháistrí scoile. Ach ó tharla go bhfuil eachtraí an dáin bunaithe ar thuras go Droichead Átha, agus ar eachtraí suirí idir Ó Gormáin agus an ‘páiste Sasanach Gallda’, is dóigh liom féin go bhfuil cosúlacht na fírinne ar chuntais Murray agus Uí Chearnaigh.

Sin é an méid eolais atá againn a thugann leid dúinn faoi bhlianta luatha Uí Ghormáin. Níl againn ach cúig lámhscríbhinn a scríobh sé sa tréimhse seo,²⁰ agus níl ainm pátrúin luaithe le ceann ar bith acu. Is dócha, mar sin, gur bhraith sé ar an mhúinteoireacht lena chuid a shaothrú san am seo sular bhain sé faoi i mBaile Átha Cliath.

Ní thig linn bheith cinnte den áit ar bhain sé léi ó dhúchas, ach is dóigh liom go gcaithfidh muid glacadh le hargóint Uí Mhórdha (1957, 21) gur bh as Contae Mhuineacháin dó. Ní thig linn é a shuí go cinnte dearfach in aon áit ar leith sa chontae sin, ach scríobh sé dánta ar dhá shagart a bhí lonnaithe i nDomhnach Maighean, agus bhí teagmháil aige le scríobhaithe as an cheantar sin fosta. Ní fianaise chuimsitheach í seo gur bhain Ó Gormáin leis an dúiche sin í féin, ach dhealródh sé go raibh dáimh ní ba mhó aige leis an cheantar thar mar a bhí le haon áit eile sa chontae.

Muiris Ó Gormáin i nDroichead Átha?

Mar atá luaithe thuas, tá eachtraí na haoire a scríobh Ó Doirnín ar Ó Gormáin suite ar an bhealach go Droichead Átha. Ghlac Ó Fiaich (120) leis seo mar leid gur chónaigh Ó Gormáin i nDroichead Átha tráth. Shíl Flower (1992, 622) gur scríobh Ó

Gormáin an Leabhar Béarla-Gaeilge (LBG amach anseo) s'aige le linn dó bheith i gcomharsanacht Dhroichead Átha. Le cúltaca a thabhairt don tuairim seo, thug Flower liosta d'ainmneacha tábhairní ón LBG a chonacthas dó a bhain le Droichead Átha:

I was in Drogheda. Where did you put up? At the Bulls Head in High Street. At the Black Bull in Church Street. At the Black Lyon in Bolton Street. At the Red Lyon in Cook Street. Is that a good Inn? It is the best Inn in Town (Flower 1992, 622).

Ghlac Ó Fiaich leis fosta gur bhain na hainmneacha sin le Droichead Átha (120). Rinne Mc Caughey (208–9) fiosrú ar na hainmneacha a bhí luaite i LBG agus fuair amach nach féidir gur bhain siad le Droichead Átha. Dheimhnigh sé nach raibh a leithéid de shráideanna ann riamh i nDroichead Átha mar Shráid Niocláis agus Shráid an Teampaill a bhí luaite i LBG. Fuair sé amach go raibh na sráideanna a bhí luaite i LBG le fáil i mBaile Átha Cliath san ochtú haois déag, ach ní raibh sé in ann ach ceann amháin de na tábhairní ar liosta Uí Ghormáin a aithint mar cheann a bhí i mBaile Átha Cliath. Níl fianaise dhaingean againn mar sin go raibh Ó Gormáin i nDroichead Átha nuair a scríobh sé LBG, ná go raibh cónaí air ann in am ar bith.

Muiris Ó Gormáin agus saothrú léann na Gaeilge i mBaile Átha Cliath

Agus é ag trácht ar an traidisiún litríochta in Oiriaila san ochtú haois déag, maíonn Watson (1978,12) gurbh é gluaiseacht daoine aniar is aduaidh chuig an cheantar sin 'a raibh ní ba mhó de mhaoin an tsaol ann' a chothaigh an borradh i gcúrsaí léinn a tharla sa cheantar sin. Tá an teoiric seo fíor faoin bhorradh a tháinig ar shaothrú léann na Gaeilge i mBaile Átha Cliath san ochtú haois déag fosta. Den chuid is mó den ochtú haois déag, bhí Baile Átha Cliath ar an ionad ba mhó trádáil agus easpórtáil sa tír. Bhí an phríomhchathair i bhfad chun tosaigh ar gach baile eile sa

tír ó thaobh na trádála de seachas Cathair Chorcaí, agus maítear go ndeachaigh caoga faoin chéad d'espórtáil na tíre fríd Bhaile Átha Cliath san ochtú haois déag (Cullen 1986, 181–4). Mar gheall ar an rachmas a chothaigh an trádáil seo, chuaigh cuid mhór daoine ón tuath isteach go Baile Átha Cliath le hobair a fháil agus le cónaí a dhéanamh ann. Sa bhliain 1710, bhí tríocha míle Caitliceach agus caoga míle Protastúnach ina gcónaí i mBaile Átha Cliath. Faoin bhliain 1800, bhí líon na gCaitliceach méadaithe go dtí chóir a bheith céad fiche míle agus bhí líon na bProtastúnach i ndiaidh titim go thart faoi dhá mhíle is ceathracha (Fagan, 156).

Ní mór go raibh Gaeilge ag cuid mhór de na Caitlicigh tuaithe seo.²¹ I measc na nGaeilgeoirí seo, bhí daoine a raibh léamh agus scríobh na Gaeilge acu agus a raibh dúil i léann na Gaeilge acu. Sa chéad leath den aois, bhí grúpa scoláirí Gaeilge gníomhach i mBaile Átha Cliath a dtugtar ‘ciorcal Uí Neachtain’ orthu (Ó Ráthaille 1913; Harrison). Rinne ciorcal Uí Neachtain go leor oibre do phátrúin Angla-Éireannacha mar an ministir Protastúnach Anthony Raymond agus Francis Stoughton Sullivan (Harrison, 54–83). Bhí duine amháin, acu, Cathal Ó Luinín, fostaithe mar léachtóir Gaeilge in Ollscoil na Tríonóide (Simms 1998, 266–7). D’fhéadfaí 1750 a lua mar *terminus ad quem* d’obair chiorcal Uí Neachtain. Is sa bhliain sin a fuair Tadhg Ó Neachtain, a bhí ina cheannaire ar an ghrúpa, bás, agus faoin am sin bhí bunús na ndaoine a bhain leis an ghrúpa marbh.

Sa dara leath den aois, thóg Muiris Ó Gormáin ar an obair a rinne an ciorcal, agus shíl O’Sullivan gurbh é bás duine acu, Aodh Ó Dálaigh,²² a thug bealach isteach d’Ó Gormáin i ngnó an athscríofa i mBaile Átha Cliath (O’Sullivan, 232).²³

Ó Gormáin mar scríobhaí i mBaile Átha Cliath

Mhaígh Ó Fiaich (120) go raibh Baile Átha Cliath bainte amach ag Ó Gormáin faoin bhliain 1770, ach is cinnte go raibh sé ann i bhfad roimhe sin. Is féidir, mar a scríobh Ó Cléirigh (106) agus Ní Mhungaile (2009, 219), go raibh sé i mBaile Áth Cliath chomh luath leis an bhliain 1731, am ar tuairiscíodh go raibh máistir scoile

darbh ainm Gorman ag obair in Bow Lane i bparóiste Naomh Michan. I 1752 scríobh sé lámhscríbhinn do bhall de chiorcal Uí Neachtain – seo an dochtúir leighis Seán Mac Fhearghusa, a bhí ina chónaí sa chathair.²⁴ Níl tuairisc ar bith ar Ó Gormáin ina dhiaidh sin go dtí an bhliain 1763 nuair a scríobh sé dán ar Phádraig Mac Síomain ar a ceapadh mar Ardeaspag ar Bhaile Átha Cliath dó (Ó Fiaich, 119–127). Sa bhliain chéanna scríobh sé moladh ar Hugh Percy, Iarla Northumberland nuair a ceapadh ina Leasrí i mBaile Átha Cliath é (Mahony, 25–36). Mar a scríobh Ní Shéaghda, is dócha go bhfuair Ó Gormáin íocaíocht don dán, mar scríobh sé moltaí ar thríúr eile a ceapadh sa phost sin ina dhiaidh sin, George Townsend i 1767, John Hobart i 1776 agus George Nugent Grenville i 1782. Bhí dáimh ag cuid de phatrúin eile Uí Ghormáin leis na Leasríthe seo: bhí Thomas Leland ina Bhiocáire ag Townsend agus bhí Vallancey ar Choláiste Eton leis.

Sna blianta 1764–6 bhí Ó Gormáin ag cóipeáil lámhscríbhinní do Francis Stoughton Sullivan, fear a bhí ina Chomhalta de chuid Ollscoil na Tríonóide. Bhí tionscadal ar bun ag Sullivan a raibh sé mar aidhm aige aistriúchán Laidine de na hannála a chur ar fáil, agus is cóipeanna d’annála iad na lámhscríbhinní a chóipeáil Ó Gormáin dó.²⁵ Nuair a fuair Francis Stoughton Sullivan bás i 1766, fuair Ollscoil na Tríonóide seilbh ar a lámhscríbhinní agus d’iarr siad ar an Ghormánach catalógú a dhéanamh orthu. Is léir gur chaith Ó Gormáin ar a laghad sé mhí ag gabháil dó seo. Dhíol an coláiste £1.2.9 dó i mí na Nollag 1766 agus díoladh arís i mí na Bealtaine 1767 é (O’Sullivan, W, 240). Tá fianaise áirithe ann gur chuidigh sé le comhalta eile de chuid an Choláiste, Matthew Young, leis an chatalóg a rinne sé ar na lámhscríbhinní seo i 1781. Dar le O’Sullivan (242) go bhfuil lámh Uí Ghormáin ann taobh le lámh Young sa chatalóg seo. Bhí sé ag obair i gColáiste na Tríonóide arís sa bhliain 1777 nuair a scríobhadh an nóta seo:

They [Annála na gCeithre Máistrí] may be copied by old Gorman in the librarians (sic) study at the expense of one shilling per sheet which may ammount to 3 guineas in the whole. The sooner they are done the better as Mr. O’Gorman [.i. Thomas] intends to soon return to France.’ (ARÉ 23 F 7, 242).

D'airigh Ní Shéaghdha (1990, 567) Ó Gormáin mar dhuine den triúr scríobhaithe 'gairmiúla' a bhí ag obair san ochtú agus sa naoú haois déag. Is fíor go ndearna Ó Gormáin cuid mhór cóipeála, ach ní raibh sé beo air seo amháin, áfach. Ceannaí leabhar a bhí ann agus bhailigh sé cnuasach mór leabhar agus lámhscríbhinní chuige féin. Rinne sé catalóg dá chuid leabhar agus lámhscríbhinní i 1761 agus arís i 1772. Is cosúil go dtéadh sé chuig ceantanna leabhar go tráthrialta (Ní Mhungaile 2010, 249), agus chuaigh sé chuig ceannt Sheáin Mhic Fhearghusa i 1766 gur cheannaigh sé ceithre lámhscríbhinn agus leabhar amháin ann (Ó Catháin 1988, 153–7). In amanna fuair sé lámhscríbhinní 'ar iasacht' ó dhaoine agus dhíol sé iad le daoine eile ina dhiaidh sin. Sampla de seo is ea é an lámhscríbhinn ARÉ 24 D 14 a fuair sé ar iasacht ó Dick Plunkett agus a bhí díolta aige faoin bhliain 1772.

Mar atá luaithe thuas, tá an chuma ar an scéal gur chaith sé cuid mhór de bhlianta luatha a shaoil ag múinteoireacht, agus dealraíonn sé go raibh sé ag teagasc i mBaile Átha Cliath fosta. I 1766 chuir sé an fógra foclach, bladhmánach seo i *Faulkner's Dublin Journal* agus é ag iarraidh é féin a chur chun cinn mar mhúinteoir Gaeilge:

Whereas the Irish, the ancient language of this nation, hath long been neglected, an Evil justly complained of, as it renders Gentlemen unable to have recourse to the very many Chronicles and Compositions still preserved among us, relative to the ancient state of this Kingdom, its Arts, Sciences and Literature. Therefore Maurice Gorman, Professor of that language, offers his service to the public and proposes to lay himself out in his own apartment (at the Sign of the Mashing Keeve in St. Mary's lane Dublin) every morning from ten to two, for the instruction of youth and others as wish for their own cultivation, to open treasures so long locked up. Such persons who cannot conveniently go to him shall be attended at their own houses. N.B. He is perfect master of the difficulties attending the reading and explaining the ancient Irish MSS. in Vellum (*Dublin Journal*, 5–7–1766).